



Clár na Luathbhlianta um Chosaint Leanaí Dréacht de Phostáil Blag/Alt Nuachtlitreach 5 Nollaig, 2017

Tuairisciú Éigeantach agus Ráiteas um Chumhdach Leanaí – Riachtanais Nua

Theresa Sweeney, Comhordaitheoir Náisiúnta, Clár na Luathbhlianta um Chosaint Leanaí

Tá oibleagáidí dlíthiúla nua do sholáthraithe seirbhíse luathbhlianta sa réimse cosaint agus leas leanaí. San alt seo breathnaítear ar cad iad agus cad atá i gceist leo do na seirbhísí luathbhlianta.

Táthar ar tí dlí a dhéanamh de thuairisciú éigeantach maidir le hábhair inmí de mhí-úsáid leanaí agus an riachtanas le Ráiteas um Chumhdach Leanaí a fhoilsiú. Ón 11 Nollaig, 2017, nuair a chuirtear tús feidhme iomlán leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, beidh riachtanais dhlíthiúla nua sa réimse cosaint leanaí do ghairmithe agus do sheirbhísí a bhfuil ról lárnach acu i saol leanaí agus teaghlach. Faoin acht, beidh oibleagáidí dlíthiúla nua ar sheirbhísí luathbhlianta agus ar na daoine a bhíonn ag obair iontu.

Ar an 11 Nollaig, 2017	<ul style="list-style-type: none">-Oibleagáidí dlíthiúla nua ar Dhaoine Údaraithe le tuairisciú a dhéanamh maidir le hábhair inmí de mhí-úsáid leanaí- Ní mór Ráiteas um Chumhdach Leanaí a bheith ag na seirbhísí cuí – ach beidh 3 mhí acu chun é seo a chomhlíonadh- Tagann an Treoir leasaithe de chuid Tús Áite do Leanaí & na doiciméid thacaíochta eile i bhfeidhm.
Ar an 11 Márta, 2018	<ul style="list-style-type: none">-Tá go dtí an dáta seo ag na seirbhísí cuí lena Ráiteas um Chumhdach Leanaí a fhoilsiú

Daoine Údaraithe

Is é atá i gceist le daoine údaraithe ná daoine a bhíonn i dteagmháil le leanaí agus le teaghlaigh agus atá i suíomh lárnach, mar gheall ar a gcáilíochtaí, oiliúint agus/nó ról fostaíochta, chun cuidiú le cosaint a thabhairt do leanaí ó dhíobháil a dhéanamh dóibh. Is iad Daoine Údaraithe na daoine uile atá i mbun seirbhíse réamhscoile cláraithe nó á reáchtáil agus iad siúd uile atá fostaithe iontu mar fhoireann cúram leanaí. Beidh oibleagáid dhlíthiúil ar Dhaoine Údaraithe ábhair inmí um chosaint leanaí a thuairisciú thar tairseach áirithe chuig Tusla.

Is duine údaraithe tú:

-Más duine tú atá i mbun seirbhíse réamhscoile laistigh den chiall de Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí 1991.

- Más ball foirne cúram leanaí tú atá fostaithe i seirbhís réamhscoile laistigh de Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí 1991

Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Is é is Ráiteas um Chumhdach Leanaí ann ráiteas i scríbhinn ina sonraítear an tseirbhís atá ar fáil agus na prionsabail agus nósanna imeachta atá le comhlíonadh lena chinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil leanbh atá ag baint leasa as an tseirbhís sábháilte ó dhíobháil a bheith déanta dó/ di. Cuimsítear ann measúnú ar rioscaí, bearta chun aon rioscaí a bhainistiú agus líon polasaithe agus nósanna imeachta cumhdaigh údaraithe. Beidh oibleagáid dhlíthiúil ar sheirbhísí luathbhlianta (réamhscoileanna agus seirbhísí aois scoile san áireamh) a fhostaíonn duine amháin ar a laghad Ráiteas um Chumhdach Leanaí a fhoilsiú. Beidh 3 mhí ón 11 Nollaig, 2017 ag na seirbhísí chun é seo a chomhlíonadh.

Más seirbhís réamhscoile nó aois scoile tú a fhostaíonn níos mó ná duine amháin tá tú faoi cheangal dlí Ráiteas um Chumhdach Leanaí a bheith agat.

Treoir Náisiúnta Nua um Thús Áite do Leanaí

Rinneadh *Treoir um Chosaint & Leas Leanaí de chuid Tús Áite do Leanaí* a thabhairt suas chun dáta leis na forálacha nua seo a chur san áireamh inti agus tá eolas tábhachtach ann do ghairmithe atá ag obair le leanaí agus eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí. Ba chóir do gach duine atá ag obair sa tseirbhís luathbhlianta an doiciméad Treorach nua a léamh agus a bheith ar an eolas faoi. Cuirfear cóip ar fáil do na seirbhísí luathbhlianta uile sna seachtainí amach romhainn.

Is féidir teacht ar an Treoir de chuid Tús Áite do Leanaí, an cúrsa ríomhfhoghlama agus líon acmhainní úsáideacha eile ar www.tusla.ie

Is céim eile chun tosaigh iad na riachtanais nua seo a gcuirtear fáilte rompu le leanaí a choinneáil sábháilte ó dhíobháil a bheith déanta dóibh trína chinntiú go gcuirtear na hábhair inmí uile um chosaint leanaí ar aghaidh chuig Tusla agus go bhfuil na bearta ar fad atá riachtanach chun cosaint a thabhairt do leanaí faoina gcúram, glactha ag na heagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí .

Tuilleadh eolais

- Beidh seisiúin eolais réigiúnacha á reáchtáil ag Clár na Luathbhlianta um Chosaint Leanaí go luath in 2018 maidir leis na riachtanais nua.
- Lainseáil Tusla clár ríomhfhoghlama, Réamhrá maidir le Tús Áite do Leanaí, cúrsa idirghníomhach a chuireann réamheolas ar fáil ar na riachtanais dhlíthiúla nua agus moltar go ndéanann na baill foirne agus soláthraí seirbhísí luathbhlianta uile é. Is féidir teacht air ag www.tusla.ie
- Is féidir teacht ar an Treoir de chuid Tús Áite do Leanaí agus líon acmhainní úsáideacha eile ag www.tusla.ie